AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.11.2023
COM(2023) 703 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (‘an Treoir maidir le Sonraí Oscailte’)

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid ('an Treoir maidir le Sonraí Oscailte')

1. RÉAMHRÁ

Glacadh Treoir (AE) 2019/1024 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid[1] an 20 Meitheamh 2019, agus tháinig sí i bhfeidhm an 16 Iúil 2019.

Le Treoir (AE) 2019/1024, leagtar síos an creat dlíthiúil maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid, amhail faisnéis gheografach, faisnéis i ndáil leis an gclár talún, faisnéis staidrimh nó faisnéis dhlíthiúil atá i seilbh comhlachtaí ón earnáil phoiblí nó gnóthas poiblí áirithe, agus maidir le sonraí ó thaighde a dhéantar le cistiú poiblí a athúsáid. Tá sé d'aidhm aici borradh a chur faoi phoitéinseal socheacnamaíoch faisnéise ón earnáil phoiblí, mar shampla, trína cur ar fáil ar bhealach níos éasca do ghnólachtaí nuathionscanta agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide trí sholáthar sonraí dinimiciúla agus tacar sonraí a bhfuil tionchar eacnamaíoch an-ard acu a mhéadú, agus trí iomaíocht agus trédhearcacht a chur chun cinn sa mhargadh faisnéise. Tá sí ar cheann de na bearta a ceapadh chun borradh a chur faoi gheilleagar sonraí an Aontais, agus chun intleacht shaorga a fhorbairt.

Le Treoir (AE) 2019/1024, tugadh isteach an coincheap maidir le tacar sonraí ardluacha. Sainmhínítear iad sin mar dhoiciméid a mbaineann a n-athúsáid le tairbhí tábhachtacha don tsochaí agus don gheilleagar. Mar sin de, tá siad faoi réir sraith rialacha ar leith, lena n-áirithítear go bhfuil siad ar fáil saor in aisce agus i bhformáidí atá inléite ag meaisín. Ní mór do na Ballstáit iad a chur ar fáil trí chomhéadain ríomhchláraithe feidhmchlár (APInna) agus, i gcás inarb ábhartha, mar oll-íoslódáil. Foráiltear do raon feidhme téamach na dtacar sonraí ardluacha in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir, ina liostaítear sé chatagóir théamacha (geospásúil, faire na Cruinne agus an comhshaol, meitéareolaíoch, staidreamh, cuideachtaí agus úinéireacht cuideachtaí, soghluaisteacht).

Le Treoir (AE) 2019/1024, leagtar amach cumhachtú amháin a thugtar don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. BUNÚS DLÍ

Le hAirteagal 13(2) de Threoir (AE) 2019/1024, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn I trí chatagóirí téamacha nua de thacair sonraí ardluacha a chur léi chun forbairtí teicneolaíocha agus margaidh a léiriú. De bhun Airteagal 15(2) de Threoir (AE) 2019/1024, tugtar na cumhachtaí sin don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 16 Iúil 2019. Ní mór don Choimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí den fhad céanna, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an

[1]Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (athmhúnlú) (IO L 172, 26.6.2019, lgh. 56-83).

Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

Faoi Airteagal 13(2) de Threoir (AE) 2019/1024, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 den Treoir sin chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn I a ghabhann léi trí chatagóirí téamacha nua de thacair sonraí ardluacha a chur léi chun forbairtí teicneolaíocha agus margaidh a léiriú.

3.1. CUMHACHTUITHE A ÚSÁIDEADH LE LINN NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Go dtí seo, níor bhain an Coimisiún úsáid as an gcumhachtú a tugadh dó faoi Airteagal 13(2) de Threoir (AE) 2019/1024.

Leis na sé chatagóir tosaigh dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/1024, cuireadh ar fáil raon feidhme téamach a bhí leordhóthanach chun an chéad liosta de thacair sonraí ardluacha a tharraingt suas. Mar sin de, níor bhain an Coimisiún úsáid as an gcumhacht tharmligthe a tugadh dó go fóill chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn I agus catagóirí téamacha nua de thacair sonraí ardluacha a chur léi. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh faoi úsáid na cumhachta tarmligthe a luaithe a bhailíonn sé fianaise maidir le cur chun feidhme na chéad liosta de thacair sonraí ardluacha ag na Ballstáit. Mar ullmhúchán, thug an Coimisiún staidéar[2] chun críche cheana féin chun cuidiú leis catagóirí téamacha nua féideartha a shainaithint.

CONCLÚID

De réir an Choimisiúin, ní mór síneadh ama intuigthe a chur le tarmligean na cumhachta dá bhforáiltear in Airteagal 13(2) de Threoir (AE) 2019/1024 go ceann tréimhse 5 bliana, i gcomhréir le hAirteagal 15(2) den Treoir sin. Is amhlaidh atá toisc go bhféadfadh sé go mbeidh gá le catagóirí téamacha nua de thacair ardluacha sonraí a chur san áireamh i bhfianaise an chumhachtaithe arna dheonú faoi Airteagal 13(2) de Threoir (AE) 2019/1024 sna blianta atá le teacht. Tá tábhacht ar leith fós ag baint leis an tsolúbthacht is gá a sholáthar sa chreat dlíthiúil agus é a oiriúnú do na forbairtí teicneolaíocha agus margaidh is déanaí, agus a chur ar a chumas don Choimisiún réimsí téamacha nua d'fhaisnéis ón earnáil phoiblí a chumhdach sa todhchaí.

Leis an tuarascáil seo, comhlíonann an Coimisiún na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 15(2) de Threoir (AE) 2019/1024.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

[2] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta, *Identification of data themes for the extensions of public sector High-Value Datasets - Final study* [Téamaí sonraí a shainaithint chun Tacair Sonraí Ardluacha ón earnáil phoiblí a fhadú - Staidéar críochnaitheach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, https://data.europa.eu/doi/10.2759/739414.